



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Treoir ar Bhéarlaí Aeráide

Treoir A-Z ina bhfuil míniú ar  
théarmaí maidir le gníomhú  
ar son na haeráide



## Do Threoir A – Z ar Bhéarlagair Aeráide

Tugtar míniú ar ghnáth-théarmaí maidir le gníomhú ar son na haeráide sa Treoir seo ar Bhéarlagair Aeráide A–Z. Tá na mínithe ceaptha cabhrú le cur síos a dhéanamh ar smaointe agus ar choincheapa seachas sainmhínte fíor-eolaíocha a thabhairt.

I gcásanna áirithe, liostítear téarmaí de réir príomhábhair (m.sh líostaítear Teacht Aniar Aeráide faoi ‘A’ do Aeráid).

Tabharfaidh an Roinn an treoir ar líne cothrom le dáta agus fáilteoidh sí roimh aiseolas uait.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Roinn an Taoisigh ar [climateaction@taoiseach.gov.ie](mailto:climateaction@taoiseach.gov.ie).

Roinn an Taoisigh a chuir an treoir seo i dtoll a chéile le cúnamh ó Chomhairle na nÓg, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh (NALA).

## Buail leis an bhfoireann



Dia Duit! Is grúpa de dhaoine óga muid ó Chomhairle na nÓg. Tugann Comhairle na nÓg an deis do leanaí agus do dhaoine óga, ar nós muide, a bheith páirteach chun seirbhísí áitiúla agus beartais áitiúla a fhorbairt. Tá ríméad orainn go rabhamar páirteach sa tionscadal seo ón gcéad lá. Chuidíomar na téarmaí ar ghá míniú a thabhairt ina leith a roghnú, agus d’oibríomar le Roinn an Taoisigh lena chinntiú go raibh na mínithe sothuigte. Bhí ionchur againn maidir leis an suíomh seo a dhearadh. Tá súil againn go mbainfidh tú an oiread suilt as a bheith á úsáid agus a bhaineamar as cuidiú ina leith!



Chuidigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le Roinn an Taoisigh lena chinntiú go raibh na mínithe cruinn de réir na heolaíochta.



D’oibrigh an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d’Aosaigh le Roinn an Taoisigh lena chinntiú go raibh an láithreán gréasáin agus na téarmaí scríofa agus curtha i láthair i mBéarla simplí. Bronnadh an Marc “NALA Plain English” ar an láithreán gréasáin agus ar na téarmaí araon.



## A

Acmhainneacht  
Téimh  
Dhomhanda  
(GWP)

Tomhais den mhéid teasa a cheapann gás ceaptha teasa san atmaisféar (ar a dtugtar ‘fórsáil radantach’) in imeacht tréimhsí ama áirithe. Tá sé comhaontaithe ag rialtais an tomhais sin a úsáid chun tionchar astaíochtaí gháis éagsúla, agus an méid a chuireann siad le téamh domhanda, a shuimiú.

Aeráid

Ciallaíonn an aeráid na gnáthchoinníollacha aimsire i réigiún in achar ama an-fhada— 30 bliain nó níos mó, de ghnáth. An difear mór idir an aeráid agus an aimsir, an méid ama i gceist. Féadfaidh an aimsir athrú ó nóiméad go nóiméad, ó lá go lá, ach is ionann an aeráid agus meán na haimsire in imeacht achar ama níos faide i limistéar sonrach.

An Bille um  
Ghníomhú  
ar son na  
hAeráide agus  
um Fhorbairt  
Ísealcharbóin

Dlí nua é sin atá á fhorbairt lena leagtar amach sprioc d’Éirinn, le bheith ina geilleagar atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoin mbliain 2050. Tugaimid an ‘cuspóir náisiúnta aeráide 2050’ air seo. Éilíonn sé ar an Rialtas sraith buiséad carbóin a shocrú agus tugann sé ról nua don Ghrúpa Comhairleach maidir leis an Troid i gCoinne an Athraithe Aeráide, chun cabhrú leis na buiséid sin a fhorbairt.

Leagtar amach freisin sa dlí na próisis lena bhforbróimid ár bpleananna agus ár bpróisis aeráide, chun cabhrú linn ár gcuspóirí aeráide a bhaint amach. Mar shampla, caitear an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

(Féach buiséad carbóin)

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin dlí nua seo ag [www.gov.ie/en/publication/984d2-climate-action-and-low-carbon-development-amendment-bill-2020/](http://www.gov.ie/en/publication/984d2-climate-action-and-low-carbon-development-amendment-bill-2020/).

An Bord  
Soláthair um  
Ghníomhú ar  
son na hAeráide

Is grúpa ard-rúnaithe ar ranna rialtais é seo, atá freagrach as ‘gníomhartha’ faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Déanann an grúpa monatóireacht ar chomh maith atá na gníomhartha sin á mbaint amach agus tugann tuarascáil ar an dul chun cinn don Rialtas.

Foilsítear na tuarascálacha sin ar an dul chun cinn gach trí mhí. Is féidir iad a léamh ar líne ag: [www.gov.ie/en/publication/55fde-climate-action-important-publications/](http://www.gov.ie/en/publication/55fde-climate-action-important-publications/).

An Chomhairle  
Chomhairleach  
Athrú Aeráide

Déanann an comhlacht comhairleach neamhspleách seo measúnú ar mar atá ag éirí le hÉirinn, ó thaobh bheith ina geilleagar ísealcharbóin agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoin mbliain 2050, agus tugann comhairle ina leith.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin gComhairle ar [www.climatecouncil.ie](http://www.climatecouncil.ie).



## Téarma

## Míniú

Athrú aeráide

Is athrú ar phatrúin aimsire fadtréimhseacha é seo mar thoradh ar fhórsaí nádúrtha, nó gníomhaíocht an duine, nó an dá rud.

Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide

Le Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais, tugtar tacaíocht do thionscnaimh agus do thionscadail a chabhraíonn le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de. Tugtar tacaíocht do thionscadail nach dtarlódh dá uireasa, leis an gciste sin. Spreagtar tionscadail nuálacha chun réitigh ar an athrú aeráide a fhorbairt freisin.

Is féidir tuilleadh eolais faoin gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide a fháil ag [www.gov.ie/en/publication/de5d3-climate-action-fund/](http://www.gov.ie/en/publication/de5d3-climate-action-fund/).

Teacht Aniar Aeráide

An cumas déileáil le tionchair diúltacha an athraithe aeráide ar bhealach a laghdaíonn an tionchar ar dhaoine agus ar an gcomhshaol, agus a mbaineann leas as deiseanna dearfacha.

**Samplaí:** Ár bhfoirgnimh a ullmhú le haghaidh tonnta teasa níos minice trí bhíthin córais aerála níos fearr a shuiteáil.

Astaíochtaí

Gáis nó cáithníní a scaoiltear isteach san aer agus a fhéadfaidh cur le téamh domhanda nó le droch-cháilíocht aeir.

**Sampla:** scaoileann carranna gáis chontúirteacha (astaíochtaí) amhail aonocsaíd charbóin isteach san aer.

Astaíochtaí carbóin

Cruthaítear astaíochtaí carbóin nuair a scaoiltear gáis áirithe isteach san aer trí bhíthin gníomhaíochtaí amhail breoslaí iontaise a dhó le haghaidh fuinnimh. Ina measc tá gáis amhail dé-ocsaíd charbóin agus meatán. Is amhlaidh sin mar gheall go bhfuil carbón sa dá ghás sin.

Baintear úsáid as an téarma 'astaíochtaí carbóin' uaireanta chun tagairt a dhéanamh do gach gás ceaptha teasa.

Astaíochtaí gás ceaptha teasa/ GHG

Gáis a cheapann teas ó dhromchla an Domhain, rud a chruthaíonn téamh san atmaisféar íochtarach agus a chuireann moill ar chailliúint fuinnimh ón Domhan. Is iad dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil na gáis ceaptha teasa is mó is cúis leis an athrú aeráide.

Astaíochtaí Meatán Bithghineach

Is é is Meatán Bithghineach ná meatán a tháirgeann agus a scaoileann orgánaigh bheo amhail plandaí agus ainmhithe. Cuireann meatán go mór le téamh domhanda (féach sainmhíniú ar mheatán).

**Samplaí de na háiteanna as a dtagann an gás seo:** goilí bó agus fásra atá ag lobhadh.



Téarma	Míniú
--------	-------

Córas Trádála Astaíochtaí an AE (ETS)	<p>Córas Eorpach chun lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil. Is cuid de bheartais an Aontais Eorpaigh um ghníomhú ar son na haeráide é. Oibríonn sé trí bhíthin teorainn, a íslítear in imeachta ama, a chur ar an méid iomlán gáis ceaptha teasa is féidir a bheith scaoilte ag:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• aerlínte</li><li>• stáisiúin chumhachta, agus</li><li>• gníomhaíochtaí tionsclaíocha mórsála eile.</li></ul> <p>Tugtar suiteálacha orthu sin agus tá thart ar 100 suiteáil ag teacht faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE in Éirinn.</p> <p>Faoin gcóras, faigheann nó ceannaíonn na suiteálacha sin lamháltais astaíochtaí. Féadfaidh siad iad sin a thrádáil le suiteálacha eile, de réir mar is gá. Is ionann gach lamháltais astaíochtaí agus tonna de dé-ocsaíde carbóin.</p> <p>Caithfidh suiteáil go leor lamháltas a bheith aici gach bliain chun a hastaíochtaí ar fad a chuimsiú, nó gearrtar fíneáil uirthi.</p>
---------------------------------------	--

## B

Biomeatán	<p>Gás a ghintear go nádúrtha a bhfuil próiseáil déanta air agus is féidir a úsáid mar fhoinsé fuinnimh inathnuaite. Gintear é trí bhíthin ábhar amhail plandaí agus ainmhithe.</p>
Bithbhreoslaí	<p>Breoslaí i bhfoirm leachtach, de ghnáth, a dhéantar as plandaí nó dramhaíl talmhaíochta nó bhitheolaíoch.</p> <p><b>Sampla:</b> Tagann bitheatánól ó ghrán buí agus ó chána siúcra. Bainimid úsáid as bitheatánól in innill carranna peitрил.</p>
Bithéagsúlacht	<p>An éagsúlacht plandaí agus ainmhithe i gceantar agus an tslí a n-idirghníomhaíonn siad laistigh de ghnáthóga agus d'éiceachórais (amhail lochanna agus foraoisí dúchasacha).</p>
Bithgheilleagar	<p>Na codanna sin den gheilleagar a úsáideann acmhainní bitheolaíocha inathnuaite ón talamh agus ón bhfarraige – amhail barra, foraoisí, éisc, ainmhithe agus miocrorgánaigh – chun bia, ábhair agus fuinneamh a tháirgeadh.</p> <p><b>Sampla:</b> fotháirgí ó phróiseáil feirmeoireachta déiríochta a aistriú ina aigéad lachtach atáthar in ann a úsáid chun bith-leasacháin agus plaisteach in-bhithmhille a dhéanamh.</p>



Téarma	Míniú
Bithmhais	<p>Ábhar plandaí nó ainmhí amhail adhmaid agus dramhbhia. Is féidir é a úsáid mar fhoinse breosla.</p> <p><b>Sampla:</b> Is bithmhais iad millíní adhmaid is féidir a úsáid chun teach a théamh.</p>
Breoslaí Iontaise	<p>Breoslaí – amhail gual, gás, móin agus ola – a chruthaítear sa talamh in imeacht na mílte nó na milliúin bliain, as plandaí agus ainmhithe marbha, agus a ídítear go hiomlán nuair a dhóitear iad chun fuinneamh a fháil.</p>
Buiséid charbóin	<p>Is le buiséad carbóin a leagann tíortha áirithe teorainn síos, i mbeartais nó sa dlí, ar an méid gás ceaptha teasa a scaoileann siad thar achar ama socraithe.</p> <p>Is leis an dlí a leagfar an buiséad carbóin síos in Éirinn. Leagtar amach sa Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) an chaoi ina leagfar an buiséad carbóin síos in Éirinn.</p> <p>Cuirfidh an Rialtas an buiséad carbóin i bhfeidhm le comhairle ón nGrúpa Comhairleach maidir leis an Troid i gCoinne an Athraithe Aeráide.</p> <p>Cruthófar sraith buiséad carbóin agus mairfidh gach ceann ar feadh cúig bliana.</p>

## C

Cáin Charbóin	<p>Is éard a chiallaíonn sin, in Éirinn, go ngearrtar muirear ar bhreoslaí iontaise, bunaithe ar an méid carbóin iontu.</p> <p>Tá d'aidhm léi sinn a spreagadh chun an úsáid a bhainimid as breoslaí iontaise, agus, dá barr sin, ár n-astaíochtaí, a laghdú.</p> <p><b>Samplaí:</b> íocaímid cáin charbóin ar ola, peitreal agus díosal.</p>
Ceapadh carbóin agus stóráil charbóin	<p>Dé-ocsaíd charbóin a bhaint as an aer agus a stóráil go sábháilte ar feadh tréimhse ama fada.</p> <p><b>Samplaí:</b> Is féidir le foraoisí agus aigéin dé-ocsaíd charbóin a cheapadh agus a stóráil. (Féach 'Linnte Dé-ocsaíd Charbóin').</p>
Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill	<p>Is dlí de chuid an AE é seo ina leagtar amach spriocanna náisiúnta astaíochtaí le haghaidh 2020, á gcur in iúl mar chéatadán d'athrú ó na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2005. Tá spriocanna difriúla i bhfeidhm do Bhallstáit agus is 20% sprioc astaíochtaí na hÉireann le haghaidh 2020.</p> <p>(Leagtar amach na spriocanna don tréimhse 2021 go 2030 sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill.)</p>

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar [www.ec.europa.eu/clima/policies/effort\\_en](http://www.ec.europa.eu/clima/policies/effort_en).



Téarma	Míniú
--------	-------

Comhaontú Glas don Eoraip (2019)	<p>Is ionann an Plean seo agus treochlár chun geilleagar an AE a dhéanamh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach ann na gníomhartha agus na spriocanna a theastaíonn chun an chéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh carbón de a dhéanamh den Eoraip faoin mbliain 2050.</p> <p>D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas i mí na Nollag 2019.</p> <p>Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin gComhaontú Glas don Eoraip ar <a href="http://www.ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en">www.ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en</a>.</p>
Comhaontú Pháras	<p>Glacadh leis an gcomhaontú seo faoin athrú aeráide atá ceangailteach ó thaobh an dlí i bPáras i mí na Nollag 2015. Leagtar amach ann creat domhanda chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint trí bhíthin teorainn a chur ar an téamh domhanda go dtí píosa maith níos lú ná 2°C agus féachaint le teorainn 1.5°C a bhaint amach. Tá d'aidhm leis freisin cumas tíortha dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide a láidriú agus tacú leo ina gcuid iarrachtaí.</p> <p>Chláraigh Éire le Comhaontú Pháras in 2016.</p> <p>Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi Chomhaontú Pháras ar <a href="https://unfccc.int/process-and-meetings/the-paris-agreement/the-paris-agreement">https://unfccc.int/process-and-meetings/the-paris-agreement/the-paris-agreement</a>.</p>
An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	<p>Is gníomhaireacht neamhspleách stáit í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil atá freagrach as réimse leathan feidhmeanna chun an timpeallacht a chosaint.</p> <p>Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi obair an EPA ar <a href="http://www.epa.ie">www.epa.ie</a>.</p>
Conradh	<p>Comhaontú dlíthiúil foirmiúil idir thíortha maidir le trádáil, síocháin nó saincheisteanna eile.</p>
Córas teorannaithe agus trádála	<p>Tá d'aidhm leis an gcóras seo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Oibríonn sé trí bhíthin teorainn (uasteorannú) a chur ar an méid gáis ceaptha teasa a úsáideann grúpaí cuideachtaí.</p> <p>Tugann sé deis do chuideachtaí creidmheasanna carbóin a cheannach agus a dhíol (a thrádáil) (féach sainmhíniú ar chreidmheasanna carbóin).</p> <p><b>Sampla:</b> Oibríonn Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) ar bhonn teorannaithe agus trádála.</p>



Téarma	Míniú
--------	-------

Creidmheasanna Carbóin

I gcomhaontuithe AE agus Idirnáisiúnta áirithe leagtar amach iontu freisin bealaí lenar féidir creidmheasanna carbóin a úsáid chun na spriocanna a bhaineann le hastaíochtaí a bhaint amach.

Tá dhá phríomhchineálacha de chreidmheasanna carbóin: lamháltais astaíochtaí rialáilte agus creidmheasanna deonacha maidir le laghdú astaíochtaí.

Is éard atá i gceist le lamháltas astaíochtaí rialáilte ná cead a gcaithfidh cuideachta nó áis é a cheannach nó a thrádáil chun aon tonna amháin dé-ocsaíde carbóin, nó a choibhéis de ghás ceaptha teasa a scaoileadh. Toisc go bhfuil costas ag baint le lamháltais agus gur féidir iad a thrádáil, tugann sé sin spreagadh chun a bheith níos éifeachtúla agus nuálach ionas go seachnófar ceannach lamháltas.

Is éard is creidmheas deonach maidir le laghdú astaíochtaí ná deimhniú a léiríonn go bhfuil gníomh glactha ag cuideachta nó ag pobal agus go bhfuil sé cruthaithe acu go bhfuil fíorlaghdú astaíochtaí bainte amach acu nó gur éirigh leo dé-ocsaíd charbóin a bhaint ón aer, trí mar shampla portach draenáilte a fhliuchadh arís. Is féidir an deimhniú a dhíol chun tacú le laghduithe ar astaíochtaí nó le dé-ocsaíd charbóin a bhaint.

## D

Dé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>)

Is gás ceaptha teasa cumhachtach é dé-ocsaíd charbóin. Is cuid nádúrtha é den aer a análaímid. Ach mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an duine, amhail breoslaí iontaise a dhó agus dífhoraíocht tá ardú tagtha ar an méid athraithe aeráide CO<sub>2</sub> san aer, rud a chuireann le hathrú aeráide.

Dícharbónú

Tarlaíonn sin nuair a stopaimid de bhreoslaí iontaise a úsáid ar fud na tíre uile.

**Sampla:** Fuinneamh inathnuaite seachas ola a úsáid chun uisce a théamh sa bhaile.

## E

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Is éard a chiallaíonn éifeachtúlacht fuinnimh, níos lú fuinnimh a úsáid chun an toradh céanna a bhaint amach.

**Sampla:** ach teach a insliú, teastaíonn níos lú fuinnimh chun é a théamh go dtí an leibhéal is gá. Ach coire níos éifeachtúlaí a chur in áit seanchoire, úsáidtear níos lú fuinnimh chun an méid teasa a bhfuil gá leis a chur ar fáil.

**Sampla:** is féidir linn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ach an tslí a ndéanaimid rudaí a athrú, amhail soilse agus gléasanna leictreonacha a mhúchadh nuair nach bhfuil siad in úsáid againn.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi éifeachtúlacht fuinnimh i do theach ar [www.seai.ie/home-energy/](http://www.seai.ie/home-energy/).





Téarma	Míniú
--------	-------

Feithicil  
Leictreach

Feithiclí arna gcumhachtú go hiomlán nó i bpáirt le leictreachas agus ní le breoslaí iontaise amhail peitreal ná díosal.

F-ghás nó Gás  
Fluairínithe

Is gáis ceaptha teasa saorga iad f-gháis a úsáidtear i gcórais aerchóiriúcháin, cúir agus táirgí eile. Tá an éifeacht a bhíonn acu ar théamh domhanda na mílte uair níos mó ná mar a bhíonn ag dé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>).

Foraoisiú

Foraoisí nua a chur ar thailte nach raibh foraoisí orthu leis na deiceanna de bhlianta.

Fraiceáil

Modh a úsáidtear chun ola nó gás a bhaint as carraigeacha agus as áiteanna eile. Déantar leacht a instealladh faoi ardbhrú isteach i gcarraigeacha faoi thalamh, tollphoill, agus araile, chun scoilteanna atá ann cheana féin a oscailt d'fhonn ola nó gás a bhaint amach.

Fuinneamh

'An cumas obair a dhéanamh' an cur síos a dhéantar de ghnáth ar fhuinneamh. I measc na gcineálacha fuinnimh a úsáidimid gach lá tá:

- rud éigin a bhogadh
- foirgneamh a théamh
- seomra a lasadh.

I measc na gcineálacha coitinne fuinnimh tá:

- teirmeach
- ceimiceach
- leictreach
- meicniúil.

Is féidir fuinneamh a thiontú ó fhoirm amháin go foirm eile.

**Sampla:** is féidir an fuinneamh meicniúil sa ghaoth a aistriú go fuinneamh leictreach, a úsáidimid ansin chun ár dtithe a lasadh agus a théamh.

Fuinneamh  
inathnuaite  
amach ón gcósta

Is ó acmhainní inathnuaite aigéin agus cósta, amhail tonnta agus an ghaoth, a thagann an fuinneamh seo. Déannann teicneolaíocht gluaiseacht an aeir nó an uisce a thiontú go leictreachas.

Fuinneamh  
inathnuaite

Tagann fuinneamh inathnuaite ó acmhainní inathnuaite, amhail:

- fuinneamh gaoithe
- fuinneamh gréine, nó
- bithmhais.

Féadfaidh na hacmhainní sin athghiniúint a dhéanamh go nádúrtha, agus is féidir iad a úsáid arís agus arís eile gan a soláthar a laghdú.



Téarma	Míniú
--------	-------

Gás Nádúrtha  
Leachtaithe/  
LNG

Gás Nádúrtha a fhuaraítear go ndéantar leacht de (agus go laghdaítear a thoirt dá bharr) le gur féidir é a iompar agus a stóráil. Meatán an príomh-ábhar i ngás nádúrtha.

Geilleagar  
Ciorclach

Leis an gcineál seo geilleagair, baintear úsáid níos éifeachtaí agus níos lú as carbón. Cinntítear go ndéanaimid táirgí agus ábhair a íoslaghdú agus a athúsáid, le go gcruthaítear níos lú dramhaíola.

**Sampla:** Earraí tí a uasghrádú agus a dheisiú seachas cinn nua a fháil ina n-áit.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin nGeilleagar Ciorclach ar <http://www.gov.ie/circulareconomy/>.

Geilleagar Glas

Geilleagar ísealcharbóin, atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus uilechuimsitheach go sóisialta é geilleagar glas.

Geilleagar  
neodrach ó  
thaobh na  
haeráide de

Ciallaíonn sin nach bhfuil tionchar diúltach ar an gcomhshaol ag ár ngníomhaíochtaí, tríd is tríd, i ngeilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide. Mar shampla, ar fud an gheilleagair go léir, tá an méid gáis ceaptha teasa a bhaintear as an atmaisféar mar a chéile nó níos mó ná an méid gáis ceaptha teasa ar an iomlán a astaítear.

Glan-  
astaíochtaí  
nialais

Tagraítear leis seo do chothromaíocht fhoriomlán a bhaint amach idir astaíochtaí gáis ceaptha teasa arna dtáirgeadh ag gníomhaíocht an duine agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa a bhaintear den atmaisféar.

Gual toiteach

Is gual é seo a úsáidtear chun tithe a théamh. Saintréith dá chuid an iomarca toite agus cáithníní a bheith á scaoileadh aige, cáithníní atá in ann drochthionchar a imirt ar anáil agus ar an tsláinte, chomh maith le cáilíocht an aeir a laghdú.

Tá cosc ar ghual toiteach i ngach baile in Éirinn ina gcónaíonn níos mó ná 10,000 duine.

## H

Hidrigin Ghlas

Hidrigin arna táirgeadh ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite í hidrigin ghlas.

Is féidir hidrigin a úsáid mar bhreosla le haghaidh iompair, tionscail agus teasa.

Hidrigin Ghorm

Is hidrigin í seo a ghintear ó ghás nádúrtha, lena mbaineann gabháil agus stóráil carbóin.

Is féidir hidrigin a úsáid mar bhreosla le haghaidh iompair, tionscail agus teasa.



## I

Iarfheistiú  
(iarfheistiú  
fuinnimh)

Maidir le foirgnimh, is ionann iarfheistiú fuinnimh agus rud ar bith a dhéantar chun éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú. Áirítear an t-insliú sa díon agus sna ballaí a uasghrádú de ghnáth chun an teas a choinneáil istigh, chomh maith córais fuinnimh inathnuaite a shuiteáil, amhail teaschaidéil.

**Samplaí:** An t-insliú sa díon agus sna ballaí a fheabhsú, an córas téimh agus uisce te a uasghrádú chun iad a bheith ina gcórais a úsáideann fuinneamh inathnuaite amhail teaschaidéal.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi seo ar láithreán gréasáin Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar [www.seai.ie](http://www.seai.ie).

Idirnascaire  
Leictreachais

Bonneagar ardvoltais (línte cumhachta, cáblaí agus stáisiúin) a nascann eangach leictreachais na hÉireann le heangach leictreachais i dtíortha eile.

**Sampla:** Tá Éire ag obair chun nasc leictreachais a fhorbairt idir í féin agus an Fhrainc. Tugtar an tIdirnascaire Ceilteach ar an nasc sin.

In-bhithmhille

Rud éigin a fhéadfaidh baictéir agus miocrorgánaigh é a dhianscaoileadh ina ábhar nach ndéanann díobháil don chomhshaol.

**Sampla:** Dramhaíl bhia agus phlandaí, páipéar.

## L

Linnte  
Dé-ocsaíd  
Charbóin

Taiscumar nádúrtha nó saorga amhail plandaí, portaigh mhóna nó aigéin. Déanann sé gáis ceaptha teasa amhail dé-ocsaíd charbóin a thógáil isteach agus a stóráil. Leis an bpróiseas sin, baintear gás ceaptha teasa ón aer agus cuirtear cosc ar an teocht éirí ró-ard.

Lorg Carbóin

Is éard a dhéanann ‘lorg carbóin’, na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gníomhaíocht nó le táirge faoi leith a thomhas. Áirítear ann astaíochtaí a tharlaíonn ag gach céim de tháirge a dhéanamh agus a úsáid, nó de ghníomhaíocht a dhéanamh.

Dá ísle an lorg carbóin, is é is lú an méid atá an táirge nó an ghníomhaíocht ag cur leis an athrú aeráide.

**Samplaí:** Cruthaíonn siúl nó rothaíocht lorg carbóin i bhfad níos ísle ná tiomáint.



## Téarma

## Míniú

LULUCF /  
úsáid talún,  
athrú ar úsáid  
talún agus  
foraoiseacht

Úsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht is ciall le LULUCF. Earnáil nó catagóir a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí agus iad a thuirisciú. Ag brath ar an tslí a mbaintear úsáid as an talamh, féadfaidh sé a bheith ina:

- fhoirse astaíochtaí

nó

- ina linn charbóin.

Déantar rialáil ar LULUCF faoi dhlí an AE. Freisin, caithfidh Rialtais tuairisc a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe ar astaíochtaí LULUCF agus ar bhaint gháis ceaptha teasa de bharr thalamhúsáidí éagsúla agus cleachtais éagsúla um bhainistiú talún. Áirítear orthu sin:

- dífhoraioisiú
- foraoisiú
- tailte móna a dhraenáil
- curaíocht agus talamh a úsáid le haghaidh innilt ainmhithe.

## M

Meatán/CH<sub>4</sub>

Is ó fhoinsí amhail talmhaíocht, breoslaí iontaise agus dramhaíl a thagann an gás ceaptha teasa cumhachtach seo. Is féidir é a úsáid mar bhreosla. Mar shampla, is meatán den chuid is mó atá i ngás nádúrtha. Is é an dara rud is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn.

MTCO<sub>2</sub> EQ nó  
Mt CO<sub>2</sub> eq.

Is é seo an giorrúchán ar Mhilliún Tonna de choibhéis dé-ocsaíd charbóin. Is ionann tonna amháin agus 1,000 cileagram.

Ach an t-aonad seo a úsáid, táimid in ann comparáid a dhéanamh idir an tionchar téite a d'fhéadfadh a bheith ag astaíocht:

aon ghás ceaptha teasa amháin (mar ocsaíd nítriúil)

**don**

astaíocht an mhéid céanna dé-ocsaíd charbóin.

**Sampla:** Is ionann an acmhainneacht téite domhanda atá ag meatán thar 100 bliain agus 298. Ciallaíonn sé sin gurb ionann:

astaíochtaí aon mhilliún tonna d'ocsaíd nítriúil

**agus**

astaíochtaí 298 milliún tonna dé-ocsaíd charbóin (298 Mt CO eq).



## N

Neodrach ó thaobh carbóin de

Ciallaíonn sin go bhfuil an méid gáis ceaptha teasa a scaoiltear isteach san aer comhionann leis an méid a bhaintear ón aer.

**Sampla:** Cabhrófar linn a bheith níos neodraí ó thaobh carbóin de ach an úsáid a mbainimid as fuinneamh inathnuaite agus linnte dé-ocsaíd charbóin a mhéadú.

NZEB  
'Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh'

Foirgnimh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard acu. Ciallaíonn sin nach dteastaíonn uathu ach méid an-íseal fuinnimh, agus foinsí fuinnimh inathnuaite go príomha mar bhreosla dóibh, sna tithe sin nó in áit máguaird. Beidh tithe NZEB 70% níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh agus scaoilfidh siad 70% níos lú dé-ocsaíd charbóin ná na tithe a tógadh faoi rialacha tógála roimhe seo.

**Sampla:** Caithfidh tithe nua a bheith ina bhFoirgnimh Nach Mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) agus is "A2" an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) a bhíonn acu, de ghnáth. Bíonn ardleibhéal inslithe sna tithe sin. Córais aerála mheicniúla a bhíonn iontu, chomh maith le córais téimh inathnuaite nó grianphainéil.

Is féidir tuilleadh a fháil amach ar [www.gov.ie/en/publication/39fe4-energy-performance-of-buildings/](http://www.gov.ie/en/publication/39fe4-energy-performance-of-buildings/).

## O

Oiriúnú

Athrú (dul in oiriúint) a dhéanamh mar fhreagairt ar thionchair atá anois ann nó a bheidh ann amach anseo mar thoradh ar an athrú aeráide.

**Sampla:** Córais chosanta agus faoisimh tuilte a fheabhsú.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi oiriúnú don aeráid in Éirinn ag [www.climateireland.ie](http://www.climateireland.ie).

## P

Painéal Idir-rialtasach ar an Athrú aeráide (IPCC)

Oibríonn an comhlacht idirnáisiúnta seo le rialtais, nó náisiúin, nó an dá cheann, chun measúnú a dhéanamh ar eolaíochta an athraithe aeráide. Na Náisiúin Aontaithe a ritheann é agus eolaithe arna n-ainmniú ag gach Rialtas na comhaltaí ann.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin IPCC ar [www.ipcc.ch](http://www.ipcc.ch).



Téarma	Míniú
--------	-------

Pleananna Oiriúnaithe Earnála

Réitíonn ranna Rialtais na pleananna seo le haghaidh earnálacha amhail talmhaíocht, iompar agus sláinte, lena chinntiú go mbeimid ullamh do thionchair an athraithe aeráide.

**Sampla:** Aithnítear i bPlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide maidir le Bithéagsúlacht na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide don bhithéagsúlacht in Éirinn agus mar is féidir leis an earnáil a bheith ullmhaithe ina leith.

Is féidir leat na Pleananna Oiriúnaithe Earnála a léamh ar [www.gov.ie/en/collection/51df3-sectoral-adaptation-planning/](http://www.gov.ie/en/collection/51df3-sectoral-adaptation-planning/).

Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide

Sa phlean seo de chuid an Rialtais, leagtar amach an tslí a bhfuil sé i gceist againn dul i ngleic le ceisteanna amhail:

- éifeachtúlacht fuinnimh
- fuinneamh inathnuaite
- astaíochtaí gás ceaptha teasa
- laghduithe gás ceaptha teasa.

Clúdaítear an tréimhse ó 2021-2030 sa phlean reatha. Ullmhaíonn gach Ballstát AE Plean mar sin agus seoltar iad chuig an gCoimisiún Eorpach chun cabhrú le spriocanna fuinnimh agus aeráide na hEorpa don bhliain 2030 a bhainistiú.

Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Plean bliantúil an Rialtais é seo ina leagtar amach an tslí a gcomhlíonfaimid ár ngealltanas aeráide agus an tslí a mbainfimid spriocanna aeráide AE agus idirnáisiúnta amach. Leagtar 183 ghníomh chomh maith le breis is 600 beart aonair atá dírithe ar dhul i ngleic le hathrú aeráide i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019. Foilsítear tuairiscí gach ráithe, agus léirítear an dul chun cinn atáimid a dhéanamh iontu sin.

Foilseofar an chéad Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide eile níos deireanaí sa bhliain 2021 agus cuirfear spriocanna nua, níos uailmhianaí na hÉireann san áireamh ann.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faoi na Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn ag [www.gov.ie/climateaction](http://www.gov.ie/climateaction).



## R

Rátáil Fuinnimh  
Foirgnimh  
(RFF)

Ciallaíonn RFF Rátáil Fuinnimh Foirgnimh. Taispeántar feidhmíocht fuinnimh do thí ar theastas RFF. Léiriú maith é ar an méid a chaithfidh tú ar fhuinneamh (amhail teas agus solas) agus ar an méid carbóin a ghinfidh tú chun do theach a théamh go dtí leibhéal compordach.

Téann an rátáil RFF ó A go G. Is iad títhe ar rátáil A na cinn is éifeachtúlaí ó thaobh an fhuinnimh de, is compordaí agus a mbíonn na billí fuinnimh is ísle acu. Is iad títhe ar rátáil G na cinn is lú éifeachtúlachta ó thaobh an fhuinnimh de. Teastaíonn méid mór fuinnimh chun iad a théamh.

Is féidir tuilleadh eolais faoi RFF a fháil ag [www.seai.ie/home-energy/building-energy-rating-ber](http://www.seai.ie/home-energy/building-energy-rating-ber).

Reachtaíocht  
maidir le  
Comhroinnt  
Díchill

Sraith dlíthe AE ina leagtar amach spriocanna bliantúla ó thaobh astaíochtaí do Bhallstáit atá ceangailteach ó thaobh an dlí. Cuimsítear leo na tréimhsí 2013-2020 agus 2021-2030. Baineann na spriocanna náisiúnta bliantúla sin le hearnálacha nach gcuimsítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE (EU ETS) amhail iompar, talmhaíocht agus dramhaíl.

Bunaítear na dlíthe sin ar chomh-iarrachtaí na mBallstát ar fad chun astaíochtaí a laghdú.

Áirítear ar na dlíthe an Cinneadh maidir le Comhroinnt Díchill (2013-2020) agus an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (2021-2030).

Réamh-  
mheastacháin  
Astaíochtaí

Is iad seo na meastacháin (réamh-mheastacháin) a bhfuiltear ag súil leo ar an méid gás ceaptha teasa a scaoiltear gach bliain suas go dtí an bhliain 2040. An EPA a réitíonn na réamh-mheastacháin astaíochtaí oifigiúla d'Éirinn. Tá na réamh-mheastacháin seo bunaithe ar bheartas reatha agus beartaithe an Rialtais, agus cuidíonn siad linn a fheiceáil conas mar atáimid ag déanamh i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Is féidir teacht ar na réamh-mheastacháin is déanaí ar [www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghgprojections2019-2040/](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/ghgprojections2019-2040/).

Rialachán  
maidir le  
Comhroinnt  
Díchill

Is dlí AE é seo ina leagtar amach laghduithe bliantúla ar astaíochtaí do Bhallstáit ó 2021 go 2030 atá ceangailteach ó thaobh an dlí. Is cuid de chur i bhfeidhm Chomhaontú Pháras ag an AE é. (Féach ar 'Comhaontú Pháras')

Caithfidh Éire a chuid astaíochtaí nach bhfuil ag teacht faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE a laghdú den tríú cuid (30%) i gcomparáid le leibhéal na bliana 2005. Caithfidh sí sin a bheith déanta aici faoin mbliain 2030. Áirítear ar na hastaíochtaí sin astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thithe, carranna, gnólachtaí beaga agus talmhaíocht.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar [www.ec.europa.eu/clima/policies/effort\\_en](http://www.ec.europa.eu/clima/policies/effort_en).



## S

Scéim  
Tacaíochta um  
Leictreachas  
Inathnuaite  
(RESS)

Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail leictreachais inathnuaite in Éirinn faoi scéim Rialtais seo, chun cabhrú linn ár spriocanna um leictreachas inathnuaite a bhaint amach. Tá d'aidhm léi freisin rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail leictreachais inathnuaite a mhéadú, agus úinéireacht an phobail ina leith. Tá d'aidhm léi a chinntiú go bhfaighidh tomhaltóirí leictreachais luach ar airgead agus slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi RESS ar [www.gov.ie/en/publication/36d8d2-renewable-electricity-support-scheme/](http://www.gov.ie/en/publication/36d8d2-renewable-electricity-support-scheme/).

Sceitheadh  
Carbóin

Tarlaíonn sin nuair a íslítear astaíochtaí carbóin i dtír amháin agus go n-ardaítear astaíochtaí i dtír eile dá bharr. Is féidir leis sin tarlú nuair a aistrítear táirgeadh ó thír amháin go tír eile. An toradh foriomlán a bhíonn air sin, nach laghdaítear astaíochtaí an domhain uile.

**Sampla:** Laghdaíodh astaíochtaí in Éirinn mar thoradh ar dhéantúsaíocht leasacháin, ach leanadh le déantúsaíocht leasacháin in áiteanna eile.

Spriocanna  
Forbartha  
Inbhuanaithe  
(SDGanna)

Is iad na Náisiúin Aontaithe a cheap na Spriocanna (17 sprioc ar fad) chun dul i ngleic leis na dúshlán phráinneacha chomhshaoil, pholaitiúla agus eacnamaíocha atá roimh an domhan faoi láthair. An sprioc deiridh atá acu, deireadh a chur le bochtaineacht fad a chosnaítear an domhan agus a gcruthaítear fás eacnamaíochta.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin dul chun cinn atá déanta ag Éirinn i dtaobh na SDGanna a bhaint amach ar [Mol na hÉireann maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe \(geohive.ie\)](http://Mol na hÉireann maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (geohive.ie)).

Is iad na 17 sprioc:

1. Deireadh le Bochtaineacht
2. Deireadh le hOcras
3. Dea-Shláinte agus Folláine
4. Oideachas Ard-Chaighdeán
5. Cothromas Inscne
6. Uisce Glan agus Sláintíocht
7. Fuinneamh Glan agus Inacmhainne
8. Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch
9. Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus bonneagar
10. Neamhionannas Laghdaithe
11. Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
12. Tomhaltas agus Táirgíocht Fhreagrach
13. Gníomhú ar son na hAeráide
14. An Saol Faoi Uisce
15. An Saol ar Talamh
16. Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre
17. Comhpháirtíochtaí ar son na Spriocanna.





## T

**Téamh ceantair** Soláthraítear teas arna tháirgeadh go lárnach d'fhoirgnimh i limistéar faoi leith leis an gcineál seo téimh. Úsáidtear líonra píopaí inslithe faoi thalamh chun sin a dhéanamh. Is féidir leis costais téimh a laghdú do thomhaltóirí agus is rogha níos fearr don chomhshaol é ná foinsí aonair de bhreoslaí iontaise amhail gual agus ola a úsáid le haghaidh téimh.

**Teaschaidéil** Is gléasanna leictreacha go príomha iad teaschaidéil lena dtiontaítear teas atá ar fáil lena úsáid i dtithe, oifigí agus foirgnimh oiriúnacha eile. De bharr go n-úsáideann siad foinsí teasa inathnuaite, tá siad níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol ná téamh le breoslaí iontaise. Tarraingíonn cineálacha éagsúla córas teaschaidéil teas as foinsí éagsúla, lena n-áirítear:

- aer
- uisce
- talamh.

**Timpeallacht thógtha** Na struchtúir a thógaimid agus an timpeallacht timpeall orthu, amhail droichid, bóithre agus cosáin.

## U

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann** údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann. Bíonn SEAI ag obair leis an Rialtas, le húinéirí tí, le gnóthaí agus le pobail chun cúnamh a thabhairt todhchaí ina bhfuil fuinneamh glan á úsáid a bhaint amach.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin SEAI ar [www.seai.ie](http://www.seai.ie).

**UNFCCC** Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Is conradh idirnáisiúnta é ar aidhm leis dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tháinig sé i bhfeidhm sa bhliain 1994 agus tá beagnach gach stát ar domhan ina comhalta de. (197 gcomhalta). Is faoin gconradh seo a dhéantar Comhaontú Pháras.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoin UNFCCC ar [www.unfccc.int](http://www.unfccc.int).



## Téarma

## Míniú

UNFCCC COP

Comhdháil Pháirtithe (stáit) Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide is ciall le seo. Is iadsan a dhéanann cinntí faoi athrú aeráide faoin UNFCCC. Tá ionadaíocht ag gach stát ar comhalta UNFCCC é sa COP. Tagann an Comhdháil le chéile mórán gach uile bhliain. Is i Maidrid na Spáinne a tionóladh an COP deiridh (COP 25) i mí na Nollag 2019, agus tionólfar an chéad COP eile (COP 26) i nGlaschú, an Ríocht Aontaithe, i mí na Samhna 2021.

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi COP 26 ar [www.ukcop26.org](http://www.ukcop26.org).

